


Gníomhaíocht Daltaí: Aiseanna agus Ceathramháin

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach “Aiseanna agus Ceathramháin” ar CD an Dalta .

An gaol a iniúchadh idir comhordanáidí pointí agus an plána



Má bhogann tú an sleamhnóir, “Céim”, athraíonn an fhaisnéis ar an scáileán.

Socraigh an sleamhnóir i dtosach ionas gur “Céim = 1” a bheidh le feiceáil.

1. Bog na poncanna gorma uile go dtí an x-ais. Céard a thugann tú faoi deara faoi chomhordanáidí gach pointe? _____
-

2. Bog na poncanna gorma uile go dtí an y-ais. Céard a thugann tú faoi deara faoi chomhordanáidí gach pointeanois? _____
-

3. Cé mhéad pointe atá ar an x-ais? _____

4. Cé mhéad pointe atá ar an y-ais? _____

5. Cé mhéad pointe atá ar an x-ais **agus** ar an y-ais? _____

6. Scríobh síos comhordanáidí an phointe sin. _____

7. Tá ainm ar an bpointe ag a dtrasghearrann an x-ais agus an y-ais a chéile. Scríobh síos an t-ainm sin má tá sé ar eolas agat. _____
-

8. Sleadhnaigh “Céim” ionas go mbeidh “2” le feiceáil. Roinneann an x-ais agus an y-ais an plána i lín áirithe páirteanna. Cé mhéad páirt? _____
9. “Ceathramhán” a thugtar ar gach páirt ar leith. Bog an ponc gorm go dtí áit éigin eile. Ba cheart go n-inseodh na focail taobh leis an áit a bhfuil sé. An bhfuil tuairim ar bith agat faoin bhfáth a dtugtar “an chéad cheathramhán” ar an bpáirt áirithe sin? _____

10. Tá pointí nach bhfuil in aon cheathramhán. Mura bhfuil pointe in aon cheann de na ceathramháin cá háit a chaithfidh sé a bheith? _____

11. Sleadhnaigh “Céim” arís, fad le “3”.

Céard atá mar an gcéanna i gcás na bpointí uile ar an x-ais? _____

Céard atá mar an gcéanna i gcás na bpointí uile ar an y-ais? _____

Scríobh síos comhordanáidí an bhunphointe. _____

Scríobh an chuid atá ar iaraidh de na habairtí seo a leanas:

(a) _____
_____ i gcás pointí sa chéad cheathramhán.

(b) _____
_____ i gcás pointí sa dara ceathramhán.

(c) _____
_____ i gcás pointí sa tríú ceathramhán.

(d) _____
_____ i gcás pointí sa cheathrú ceathramhán.

(e) _____ i gcás na bpointí uile ar an x-ais.

(f) _____ i gcás na bpointí uile ar an y-ais.